Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14023/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0236(NLE)**

**INST 344**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le neamh-ionadú Comhalta den Choimisiún<br>- Glacadh |

1. An 16 Meán Fómhair 2024, chuir Uachtarán an Choimisiúin, Ursula VON DER LEYEN, an Chomhairle ar an eolas[1] go raibh an Coimisinéir BRETON éirithe as oifig le héifeacht láithreach.

2. I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 246, CFAE, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Uachtarán an Choimisiúin, a chinneadh nach gá folúntas a tharlaíonn sa Choimisiún a líonadh, go háirithe nuair nach bhfuil fágtha ach beagán ama de théarma oifige an chomhalta.

3. An 26 Meán Fómhair 2024, thíolaic[2] Uachtarán an Choimisiúin Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le neamh-ionadú Comhalta den Choimisiún.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh ón gComhairle maidir le neamh-ionadú Comhalta den Choimisiún, mar a leagtar amach in 14005/24 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[1] 12439/24.

[2] 13961/24.